C/2026/5020

30.9.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/5020)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa ([1]) agus ón gComhairle.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Spišské zemiaky’

Uimhir thagartha AE: PDO-SK-03486 — 30.12.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Spišské zemiaky’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0701 – Prátaí, iad úr nó fuaraithe

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is prátaí margaidh iad ‘Spišské zemiaky’ a fhástar ó chineálacha an-luath go meán-luath den phlanda *Solanum tuberosum* L. a liostaítear i gCatalóg Choiteann an Aontais Eorpaigh. Is fearr iad a fhás ó chineálacha níos teinne den chineál A nó B amhail Terka, Marabel, Anuschka, Annalena, Dominika, Antónia, Mariannka, Red Anna agus cineálacha eile.

Bíonn cruth idir fada, ubhchruthach fiú agus cruinn orthu, agus bíonn súile éadoimhne agus craiceann idir measartha agus mín orthu. Ní lú ná 28 mm agus ní mó ná 80 mm tiúbair chaighdeánacha.

Tréithe orgánaileipteacha

Dea-bholadh agus blas: deas, idir práta go harbhar Indiach

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

Cuma tar éis cócaireachta

Dath an chraicinn:	dearg nó buí
Dath an tiúbair/an bhia:	réasúnta buí
Raimhre:	leath-theann go teann
Uigeacht:	idir mín go beagán níos gairbhe
Taise:	idir measartha go beagán níos taise
Cion stáirse:	12 % go 15 %
Uigeacht na mine:	íseal go meánach
Dorchú tar éis cócaireachta:	ní éiríonn siad dorcha, nó ní dhéanann siad amhlaidh ach go han-mhall

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór céimeanna táirgthe uile 'Spišské zemiaky' a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe. Is mar seo a leanas na céimeanna:

— an ithir a ullmhú roimh phlandú, arb é atá ann clocha a bhaint agus leasachán a chur;

— na prátaí a chur;

— cóireáil chun fiailí a chomhrac;

— cóireáil in aghaidh galar agus lotnaidí;

— gais a bhaint trí mhionghearradh;

— buain;

— próiseáil iarbhuana, tiúbar damáistithe a bhaint.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach sainithe suite in oirthuaisceart na Slóvaice. Áirítear ann ceantair Kežmarok, Spišská Nová Ves, Gelnica, Levoča, Stará Ľubovňa agus Poprad.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar na dálaí ithreach agus aeráide, ar shaineolas na dtáirgeoirí sa limistéar geografach agus ar shainiúlacht, cáilíocht agus clú 'Spišské zemiaky'.

Is é cineál ithreach an bunaonad aitheantais le haghaidh aicmiú moirfigineach agus agranamaíoch ithreacha. I gceantair Spiš, is é Caimbeasal an príomhchineál ithreach. I measc na gcineálacha ithreach eile a fhaightear sa limistéar tá Pseudogley, Čiernica agus Rendzina. Fástar 'Spišské zemiaky' in ithreacha idir measartha trom agus níos éadroime a d'fhorbair i limistéar Spiš i ndálaí aeráide measartha fuar. Áirítear i réigiún Spiš freisin sléibhte Tatra Arda, a ardaíonn go 2 600 m os cionn leibhéal na farraige agus a bhfuil tionchar dearfach acu ar an limistéar táirgeachta a bhfuil siad suite os a chionn, áit a dtáirgtear an chuid is mó de phrátaí síl na Slóvaice a úsáidtear chun 'Spišske zemiaky' a fhás freisin. Is iad na saintréithe a bhaineann le dálaí aeráide réigiún Spiš meánteochtaí laethúla 6-8 °C agus báisteach bhliantúil 600-700 mm. Is éard a chruthaíonn airde os cionn 400 m, dálaí fáis níos fuaire i gceantair shléibhtiúla, báisteach áitiúil níos minice agus cnámhithreacha atá gann ar chothaithigh dálaí fáis atá níos oiriúnaí go nádúrtha. Is é is cúis leis sin an líon níos lú veicteoirí – iompróirí galar víreasach – agus lotnaidí feithidí, rud a fhágann gur lú an úsáid a bhaintear as spraeanna ceimiceacha agus na prátaí á bhfás ná mar a bhíonn i gceist i limistéir níos teo. Táirgtear tiúbair leis na dálaí sin freisin a bhfuil an cion is fearr de shubstaintí comhpháirteacha iontu.

Tagann sainiúlacht an táirge agus a shaintréithe céadfacha tipiciúla ó na dálaí ina bhfástar na cineálacha roghnaithe. Má fhástar na prátaí ag airdí níos airde i gcnámhithreacha agus i ndálaí aeráide níos fuaire, cuirtear moill ar a bhfás, rud a thugann struchtúr níos dlúithe do na tiúbair agus a tháirgeann ábhar tirim leordhóthanach, stáirse, feanóil agus substaintí eile chun a saintréithe céadfacha a fheabhsú. Bíonn idir boige go huigeacht na mine le brath ar na prátaí. Ní éiríonn na cineálacha a ndearnadh measúnú orthu dorcha, nó ní dhéanann siad amhlaidh ach go hanmhall. Fástar 'Spišské zemiaky' i gcomhréir le modhanna traidisiúnta, gan dianúsáid a bhaint as leasacháin cheimiceacha. Cuireann an cur chuige níos orgánaí sin lena gcáilíocht agus lena mbarántúlacht mhéadaithe.

Tá an limistéar geografach sainithe sléibhtiúil den chuid is mó, lena mbaineann aeráid atá beagán crua. Bhí an réigiún fuar agus bocht i gcónaí ó thaobh na talmhaíochta de, agus tá sé fós mar sin sa lá atá inniu ann. Ní gá dálaí fáis beachta a bheith ag prátaí agus bíonn rath orthu fiú i gceantair shléibhtiúla agus bhunchnoic amhail Spiš.

Ligtear leis na dálaí ithreach agus aeráide d'úsáid níos ísle spraeanna ceimiceacha, a dhéanann difear do bhlas agus dea-bholadh an táirge, difear a thagann chun solais go hiomlán nuair a chócaráiltear na prátaí.

Forbraíodh deaslámhacht agus scil na dtáirgeoirí prátaí sa limistéar geografach sainithe ar bhonn an eolais agus na taithí a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile. Úsáideann táirgeoirí cineálacha atá oiriúnach lena saothrú sna dálaí ithreach agus aeráide atá i réim, leasacháin chláraithe roghnaithe, lotnaidicídí agus cleachtais saothraithe, lena n-áirítear cóireáil agus stóráil iarbhuana. In Spiš, is iondúil go gcuirtear prátaí ón dara leath de mhí Aibreáin go dtí deireadh mhí na Bealtaine, nuair a bhíonn teocht agus bogthaise na hithreach oiriúnach le cur. Fágann an séasúr fáis níos giorra, go nádúrtha, go n-oireann cineálacha prátaí margaidh an-luath go measartha déanach don limistéar. Léirítear i gcáilíocht na bprátaí gach rud ó bhuain chúramach, stóráil agus sórtáil díreach tar éis na buana, stóráil, cóireáil i dtrádstórais agus pacáistiú go dtí an díolachán deiridh.

A bhuí le traidisiúin agus taithí na dtáirgeoirí in Spiš, tá cúlchríoch, acraíocht bhuan agus a dtáirgeoirí féin ag 'Spišské zemiaky', a aistríonn a bhfios gnó chuig táirge a bhfuil dea-bholadh agus blas sainiúil air tar éis cócaireachta – agus ní hamháin in Spiš.

Is léiriú ar cháil agus traidisiún an táirge é aonach prátaí bliantúil Spiš, atá á reáchtáil ag deireadh shéasúr na bprátaí i mbaile Spišská Belá e ó bhí 2002 ann. Ag an imeacht cultúrtha agus sóisialta sin, cuireann roinnt táirgeoirí an táirge i láthair agus is féidir le tomhaltóirí é a cheannach go díreach nó a ordú.

Ráthaítear cáilíocht an táirge freisin toisc go bhfuil deimhnithe cáilíochta 'táirge réigiúnach Spiš' á mbronnadh ar tháirgeoirí prátaí ó Spiš le roinnt blianta anuas. Bhí an scéim deimhniúcháin agus tuairisc ar an táirge le feiceáil sa roinn nuachta de shuíomh gréasáin Spišská Belá agus, an 30 Samhain 2020, sa *Roľnícke noviny* (tréimhseachán speisialaithe a dhíríonn ar thalmhaíocht, ar bhia agus ar fhorbairt tuaithe).

Reáchtálann eagraíochtaí gairmiúla fáis prátaí imeachtaí éagsúla fáis prátaí gach bliain. I measc na samplaí tá lá oscailte na hInstitiúide Lárnaí um Rialú agus Tástáil Talmhaíochta ag a stáisiún tástála in Spišská Belá, a dhíríonn ar chineálacha a roghnú i bhfianaise athruithe ar dhálaí aeráide, caomhnú prátaí agus staid na himeartha i bhfianaise forbairtí sa tSlóvaic agus san Aontas.

Téann traidisiún an fháis prátaí in Spiš siar go dtí an dara leath den 18ú céad, nuair a rinneadh na chéad tagairtí scríofa don mhanach Cyprian ag an Mainistir Dhearg [*Červený Kláštor*], a luann saothrú agus úsáid prátaí sa limistéar ina thaifid. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, forbraíodh taighde agus pórú córasach prátaí sa réigiún, go háirithe ag *Výskumný a šľachtiteľský ústav zemiakársky* [Institiúid Taighde agus Pórúcháin Prátaí] in Veľká Lomnica, áit ar forbraíodh roinnt cineálacha agus a chuir go mór le forbairt na gcleachtas saothraithe in Spiš.

Leis an gcomhdhéanamh ithreach, leis an bhfíoras go bhfuil roghnú na gcineálacha agus an tréimhse phlandála oiriúnaithe go foirfe do na dálaí aeráide áitiúla, agus leis an modh saothraithe ráthaítear saintréithe na bprátaí sin mar aon le táirge de cháilíocht intreach eisceachtúil.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/pdf/SPECIFIKACIA_Spisske_zemiaky.pdf